# Deontas Tacaíochta Riaracháin um Leabhair Scoile in Aisce

(Rinneadh an nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo i Lúnasa 2025)

## 1. Réamhrá

In 2023 chuir an Roinn Oideachais an Deontas Tacaíochta Riaracháin um Leabhair Scoile in Aisce ar fáil do bhunscoileanna. In 2024, leathnaigh an Roinn téarmaí an Deontais um Leabhair Scoile in Aisce a leathnú chun daltaí na sraithe sóisearaí in iar-bhunscoileanna a chur san áireamh. In 2025, leathnaíodh an deontas Leabhair Scoile in Aisce tuilleadh chun daltaí sa tsraith shinsearach in iar-bhunscoileanna a áireamh.

Is féidir an deontas sin a úsáid le duine a fhostú chun obair riaracháin a dhéanamh ar an scéim. Is é €167.54 an ráta laethúil, lena n-áirítear pá saoire. Cuirfidh an Roinn 11.15% breise ar fáil chun costas ÁSPC an fhostóra a chlúdach.

Áit nach bhfuil an deontas seo de dhíth ar scoileanna chun duine/daoine a íoc, is féidir leo é a úsáid chun críocha riaracháin eile a bhaineann leis an scéim.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Íoctar an deontas i mí an Mheithimh agus íoctar é roimh an gcéad bhliain acadúil eile. Ba chóir an t-ioncam agus aon chaiteachas gaolmhar a thabhaítear suas go dtí an 31/08/XX a chur siar go dtí an chéad bhliain acadúil eile mar a thaispeántar sna samplaí thíos.

Leagtar amach thíos na cóid ainmniúla atá le húsáid chun cuntas a thabhairt ar an deontas a fuarthas, ar chaiteachas an deontais agus ar aon iarmhéid nár caitheadh.

**Bliain 1: Deontas faighte roimh an gcéad bhliain acadúil eile**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Deontas Tacaíochta Riaracháin um Leabhair Scoile in Aisce Faighte | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2151 | Deontas Leabhar faighte roimh ré<br>Dliteanas Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Íocaíocht leis an bhFoireann maidir le hobair a rinneadh roimh an scoilbhliain seo chugainn nó aon costais riaracháin eile a bhaineann le hábhar | DR | 1720 | Réamhíocaíochtaí Sócmhainn Reatha |
| | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |

**Bliain 2: An Chéad Scoilbhliain Eile**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Aistriú ón Deontas Leabhar a Fuarthas roimh ré chuig Deontas Leabhar gan Chaitheamh | DR | 2151 | Deontas Leabhar faighte roimh ré Dliteanas Reatha |
| | CR | 2160 | Deontas Leabhar gan Chaitheamh Dliteanas Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Cealú na Réamhíocaíochta leis an bhFoireann maidir le hobair a cuireadh i gcrích | DR | 4113 | Costais i leith Tuarastail Fhoireann Riaracháin na Scéime um Leabhair Scoile in Aisce Costas |
| | CR | 1720 | Réamhíocaíochtaí Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Cealú na Réamhíocaíochta nó aon costas riaracháin eile a bhaineann le hábhar | DR | 4731 | Costas i leith an Deontais Leabhar Scoile in Aisce Costas |
| | CR | 1720 | Réamhíocaíochtaí Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Leabhar cúnta chun ioncam ón deontas Tacaíochta i leith Riarachán na Scéime um Leabhair Scoile in Aisce a aithint ar aon dul leis an gcaiteachas taifeadta | DR | 2160 | Deontas Leabhar gan Chaitheamh Dliteanas Reatha |
| | CR | 3152 | Deontas Tacaíochta Riaracháin i leith na Scéime um Leabhair Scoile in Aisce Ioncam |

**I rith na scoilbhliana, caithfear le haon chostas breise i leith Riarachán na Scéime um Leabhair Scoile in Aisce a thabhaítear maidir leis an mbliain áirithe sin ar an mbealach seo a leanas:**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Íocaíocht leis an bhFoireann a bhaineann leis an obair a rinneadh don scoilbhliain atá ann faoi láthair | DR | 4113 | Costais i leith Tuarastail Fhoireann Riaracháin na Scéime um Leabhair Scoile in Aisce Costas |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Íocaíocht i leith costais riaracháin eile a bhaineann le hábhar | DR | 4731 | Costas i leith an Deontais Leabhar Scoile in Aisce Costas |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1 Sócmhainn Reatha |

## 3. Cuntas a thabhairt ar an iarmhéid deontais gan chaitheamh

Is deontas imfhálaithe é an deontas agus ní mór an t-iarmhéid neamhchaite ag deireadh na bliana a réiteach agus cuntas a thabhairt air sa chód ainmniúil 2160 Deontas Leabhar Gan Chaitheamh.